Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 9 Samhain 2023**
**(OR. en)**

**15229/23**

**STATIS 75**
**SAN 647**
**SOC 751**
**EMPL 536**
**EDUC 427**
**DELACT 178**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 31 Deireadh Fómhair 2023 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | C(2023) 7310 final |
| Ábhar: | RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN<br>an 31.10.2023<br>lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2019/1700 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí líon agus teidil na n-athróg i ndáil le fearann na sláinte a shonrú |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2023) 7310 final.

---

Faoi iamh: C(2023) 7310 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 31.10.2023
C(2023) 7310 final

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**an 31.10.2023**

**lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2019/1700 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí líon agus teidil na n-athróg i ndáil le fearann na sláinte a shonrú**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Le hAirteagal 6(1) de Rialachán (AE) 2019/1700 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, bunaítear creat comhchoiteann le haghaidh staidreamh Eorpach a bhaineann le daoine agus le teaghlaigh bunaithe ar shonraí ar leibhéal an duine aonair arna mbailiú ó shamplaí, Airteagal lena dtugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh lena sonraítear líon agus teideal na n-athróg maidir leis na tacair sonraí éagsúla.

Cumhdaítear leis an Rialachán Tarmligthe seo líon agus teidil na n-athróg maidir leis an tacar sonraí i ndáil le fearann na sláinte.

## 2. COMHAIRLIÚCHÁIN ROIMH GHLACADH AN GHNÍMH

Agus an gníomh tarmligthe seo á ullmhú ag an gCoimisiún, rinne sé na comhairliúcháin iomchuí.

Chuaigh sé i gcomhairle le saineolaithe náisiúnta ar tugadh cuireadh dóibh freastal ar chruinnithe saineolaithe chun an dréachtghníomh tarmligthe a phlé. Chuathas i gcomhairle freisin leis na stiúrthóirí Eorpacha um staidreamh sóisialta i scríbhinn ón 14 go dtí an 18 Márta.

Chuathas i gcomhairle freisin leis an ngrúpa saineolaithe a dhéanann ionadaíocht thar ceann 'Oifigí Staidrimh Náisiúnta an Chórais Staidrimh Eorpaigh'.

Choinnigh an Coimisiún Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon ar an eolas maidir leis na comhairliúcháin freisin.

## 3. EILIMINTÍ DLÍ AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Is é is cuspóir don Rialachán Tarmligthe seo líon agus teidil na n-athróg maidir leis an tacar sonraí i ndáil le fearann na sláinte a ghlacadh, i gcomhréir le hAirteagal 6(1) de Rialachán (AE) 2019/1700.

I gcomhréir le hAirteagal 6(2) de Rialachán (AE) 2019/1700, ní rachaidh líon na n-athróg sa Gníomh Tarmligthe seo thar 5 % de líon na n-athróg d'fhearann na sláinte a d'éiligh an Coimisiún (Eurostat) an 3 Samhain 2019 cheana féin, ar bhonn sainordaitheach.

Níl aon impleacht ag an ngníomh tarmligthe maidir le buiséad an Aontais.

Baineann sé le hábhar atá luaite leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (LEE) agus dá bhrí sin ba cheart an LEE a chuimsiú sa chur chun feidhme.

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**an 31.10.2023**

**lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2019/1700 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí líon agus teidil na n-athróg i ndáil le fearann na sláinte a shonrú**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2019/1700 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Deireadh Fómhair 2019 lena mbunaítear creat comhchoiteann le haghaidh staidreamh Eorpach a bhaineann le daoine agus le teaghlaigh, bunaithe ar shonraí ar an leibhéal aonair arna mbailiú ó shamplaí, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 808/2004, (CE) Uimh. 452/2008 agus (CE) Uimh. 1338/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1177/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 577/98 ón gComhairle[1], agus go háirithe Airteagal 6(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Is suirbhé ar an bpobal i gcoitinne an Suirbhé Eorpach um Agallaimh Shláinte (EHIS) i bhfearann na sláinte lena dtugtar faisnéis staidrimh faoi stádas sláinte, faoi thosca sláinte agus faoi ghníomhaíochtaí cúraim sláinte san Aontas. Is príomhfhoinse tagartha de chuid an Aontais é le haghaidh beartais atá bunaithe ar fhianaise a bhaineann leis an tsláinte lena n-áirítear iad siúd maidir le cuimsiú sóisialta agus cosaint shóisialta, stíl mhaireachtála shláintiúil, dul in aois folláin agus folláine shláintiúil, míchothromaíochtaí sláinte, rochtain ar chúram sláinte agus cáilíocht seirbhísí cúraim sláinte.

(2) Chun na riachtanais a sainaithníodh sna topaicí sonraithe ábhartha, ba cheart don Choimisiún líon agus teidil na n-athróg maidir leis an tacar sonraí in EHIS a shonrú.

(3) I gcomhréir le hAirteagal 6(2) de Rialachán (AE) 2019/1700, ní rachaidh líon na n-athróg sa Gníomh Tarmligthe seo thar 5 % de líon na n-athróg maidir le fearann na sláinte a d’éiligh an Coimisiún (Eurostat) an 3 Samhain 2019 cheana féin, ar bhonn sainordaitheach.

[1] IO L 261 I, 14.10.2019, lch. 1.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leagtar amach líon agus teidil na n-athróg maidir leis an tacar sonraí i ndáil le fearann na sláinte san Iarscríbhinn.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 31.10.2023

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
*Ursula VON DER LEYEN*